Feidhmeannach Íocaíochtaí Deontais

Tá folúntas ag Údarás na Gaeltachta ar bhunús conradh sainchuspóra ag clúdach Saoire Máithreachais d'Fheidhmeannach Íocaíochtaí Deontais (Ardoifigeach Feidhmiúcháin)

An Ról:

- Beidh an té a cheapfar freagrach as Bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar an Rannóg Deontais
- Cinntiú go bhfuil an córas CMS ceart ó thaobh ceadanna, catagóir anailíse agus rl, go bhfuil coinníollacha an deontais sa litir tairisceana/comhaontú deontais comhlíonta agus go bhfuil an caiteachas atá éilithe mar a chéile leis an méid atá ceadaithe
- Cigireacht fisiceach ar shócmhainn a dhéanamh, nó cigireacht ar an láthair a dhéanamh ar leabhar agus taifid nuair is gá, agus tuarascáil a chur ar chomhad.
- Monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar gach deontas atá íoctha lena chinntiú go bhfuil na coinníollacha a bhí comhlíonta nuair a íocadh an deontas dleathach i gcónaí agus taobh istigh de théarmaí an chomhaontaithe deontais/litir tairisceana
- Tacaíocht a thabhairt don Bhainisteoir Íocaíochtaí agus Oifigeach Soláthar in uasghrádú an chórais íocaíochtaí deontais, mar is gá, agus cinnireacht a thaispeáint trí na hathraithe seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach.
- Taighde ábhartha a dhéanamh agus seicliostaí a fhorbairt do gach cineál / scéim deontais atá in úsáid faoi láthair agus cinn nua de réir mar a chuirtear i bhfeidhm iad.
- Cinntiú go gcoinnítear beartais agus nósanna imeachta íocaíochta deontais cothrom le dáta
- Córas leictreonach comhdaithe a thaighde, a mheas agus a mholadh a fhéadfaidh gach doiciméad ábhartha deontais a stóráil go lárnach agus a chuirfidh deireadh leis an ngá atá le comhaid pháipéarbhunaithe
- Déileáil le fiosrúcháin ó iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha
- Tuairisceáin a ullmhú don bhainistíocht ar íocaíochtaí deontas, réamhaisnéis agus tuairsceáin eile a ullmhú de réir mar is gá.

Bheadh na tréithe a leanas ag sáriarrthóir ar an bpost:

- Cáilíochtaí Acadúla ábhartha sa réimse airgeadais, gnó nó in ábhar gaolmhar,
- Ar a laghad dhá bhliain de thaithí fhairsing ag obair sa réimse airgeadas,
- Scileanna eagrúcháin láidre chomh maith le haird ar mhionsonraí agus ar chruinneas,
- Scileanna réiteach fadhbanna mar aon le leibhéal ard scileanna uimhearthachta agus anailíse,
- Cumas i bhfeidhmiú córais ríomhaireachta airgeadais agus pacáistí caighdeánacha ríomhaireachta - MS 365.
- Scileanna cumarsáide agus idirphearsanta den scoth, i nGaeilge agus i mBéarla, i scríbhinn agus ó bhéal.

Is post ar chonradh sainchuspóra é seo. Tá scála tuarastail ag grád Ardoifigeach Feidhmiúcháin €60,029 - €76,546 ag dul leis an bpost. Ba chóir d'iarrthóirí a thuiscint go dtosófar ag an bpointe is ísle ar an scála tuarastail agus nach féidir é a phlé agus gur féidir go n-athrófar an scála tuarastail ó am go ham de réir bheartas tuarastail an Rialtais.

Beidh an té a cheapfar lonnaithe in Ardoifig an Údaráis sna Forbacha i nGaillimh.

Iarrtar ar iarratasóirí CV agus litir chumhdaigh Gaeilge a sheoladh chuig foluntais@udaras.ie

https://udaras.ie/oiliuint-fostaiocht/fostaiocht/poist-udaras-na-gaeltachta/

Glacfar le hiarratais go dtí **4.00 i.n. Dé hAoine, 11 Nollaig 2026.**

Is fostóir comhionannas é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge teanga oibre na heagraíochta.